

Scéalta Sacair

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéalta sacair. An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre? Féach ar na pictiúir chun cuidiú leat.



Déan plé leis an duine in aice leat faoin méid atá ar eolas agat faoi na scéalta sacair.

Ceist 2

Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

- | | |
|--------------------------|-----------------------------------|
| 1. bad news | a. <i>cur le</i> |
| 2. Champions League | b. <i>scannal breabanna</i> |
| 3. among the players | c. <i>toghchán uachtaránachta</i> |
| 4. missing, omitted | d. <i>drochscéala</i> |
| 5. contemplation | e. <i>teorainn</i> |
| 6. add to | f. <i>machnamh</i> |
| 7. the World Cup | g. <i>Sraith na Seaimpíní</i> |
| 8. limit | h. <i>ar lár</i> |
| 9. presidential election | i. <i>i measc na n-imreoirí</i> |
| 10. bribes scandal | j. <i>ar fionraí</i> |
| 11. suspended | k. <i>Corn an Domhain</i> |

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus abair cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis seo:

1. Ní bheidh ach seachtar imreoirí sinsearacha fágtha ag Louis van Gaal amárach.

2. Tá Luke Shaw agus Antonio Valencia gortaithe.
3. Glacann dhá fhoireann is tríocha páirt i gCorn an Domhain faoi láthair.
4. Beidh Coiste Feidhmiúcháin FIFA ag toghadh uachtaráin i gceann dhá bhliain déag.
5. D'íoc an FBI breabanna le comhlacht FIFA sna nóchaidí.
6. Tá Sepp Blatter ar fionraí faoi láthair.

Ceist 4

Líon na bearnaí sa script leis na focail ó cheist 1.

Go raibh míle maith agat, a Eimear. Sacar ar dtús agus bhí _____ inniu do *Manchester United*, is é sin go bhfuil Louis van Gaal fágtha gan seachtar imreoirí sinsearacha don chluiche mór i _____ sa nGearmáin amárach. _____ a bheidh _____, beidh Wayne Rooney, Marcos Rojo agus Phil Jones. Tá gortuithe ag cur as do Luke Shaw agus d'Antonio Valencia chomh maith. Beidh ar *Manchester United* an bua a thabhairt leo amárach lena n-áit a chinntiú i measc na sé fhoireann déag deiridh sa gcomórtas.

Tá _____ á dhéanamh ag FIFA _____ líon na bhfoirne i g_____ le go mbeidh dhá scór foireann san iomaíocht ann. Dhá fhoireann is tríocha atá ann faoi láthair. Inniu cheadaigh Coiste Feidhmiúcháin FIFA pacáiste leasuithe, ina measc go mbeadh _____ de dhá bhliain déag curtha le téarma an uachtaráin. Beidh an chéad _____ eile ann i mí Feabhra.

Agus scéal eile a bhaineann le FIFA: tá fiosrúchán ar bun ag an FBI faoi _____, céad milliún dollar de réir chlár *Panorama* de chuid an BBC. Tuairiscítear sa gclár gur íoc comhlacht margaíochta FIFA, atá anois as feidhm, breabanna le hoifigigh de chuid FIFA sna 1990í. Maítear sa gclár go raibh Sepp Blatter ar an eolas faoi na híocaíochtaí ach nach ndearna sé tada faoi. Tá Blatter _____ óna ról mar uachtarán FIFA faoi láthair. Craolfar an clár *Panorama* anocht.

Ceist 5

Cén chuma atá air?



- A. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na habairtí thíos. Freagraigí na ceisteanna atá bunaithe orthu.

Tá gruaig **fhada dhubh ar Mháire.**

Tá súile móra **gorma ag Seán.**

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'fada' agus 'dubh'?
 2. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'Máire'?
 3. Cén fáth a bhfuil na haidiachtaí 'mór' agus 'gorm' san iolra?
 4. Cén fáth a mbíonn gruaig AR dhuine agus a mbíonn súile AG duine?
- B. Féachaigí ar an mír arís. Tar éis féachaint amháin, déanfaidh duine amháin agaibh cur síos ar Áine Lally agus déanfaidh an duine eile cur síos ar Sepp Blatter. Ná déanaigí dearmad de na rialacha thuas.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil aon suim agat i gcúrsaí spóirt? Mínigh.
2. An saothraíonn imreoirí peile an iomarca airgid, dar leat?
3. Cén réiteach atá ar mhí-úsáid drugaí i spórt, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
d	g	i	h	f	a	k	e	c	b	j

Ceist 3

1. Bréagach. Beidh sé gan seachtar imreoirí sinsearacha don chluiche.
2. Fíor.
3. Fíor.
4. Bréagach. Rialaigh an Coiste Feidhmiúcháin go mbeadh teorainn de dhá bhliain déag le téarma an uachtaráin.
5. Bréagach. D'íoc comhlacht margaióchta FIFA breabanna le hoifigh FIFA agus tá an FBI ag imscrúdú an scéil.
6. Fíor.

Ceist 4

Féach an script.

Ceist 5

A.

1. Tá an t-ainmfhocal 'gruaig' baininsneach agus mar sin séimhítear an aidiacht/na haidiachtaí a leanann é.
2. Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí 'ar' nuair atá ionad áirithe i gceist.
3. Tá an t-ainmfhocal 'súil' san iolra agus mar sin cuirtear na haidiachtaí a leanann é san iolra freisin.
4. Sa Ghaeilge, baintear úsáid as '**ar**' más taobh amuigh den chorp atá na baill bheatha. Más taobh istigh den chorp atá siad, baintear úsáid as '**ag**'.

B.

Tá gruaig fhada fhionn ar Áine Lally agus tá súile gorma aici.

Tá gruaig ghearr liath ar Sepp Blatter agus tá súile donna aige. Tá blagaid ag teacht air.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Áine Lally

Go raibh míle maith agat, a Eimear. Sacar ar dtús agus bhí drochscéala inniu do *Manchester United*, is é sin go bhfuil Louis van Gaal fágtha gan seachtar imreoir sinsearach¹ don chluiche mór i Sraith na Seaimpíní sa nGearmáin² amárach. I measc na n-imreoirí a bheidh ar lár, beidh Wayne Rooney, Marcos Rojo agus Phil Jones. Tá gortuithe ag cur as do Luke Shaw agus d'Antonio Valencia chomh maith. Beidh ar *Manchester United* an bua a thabhairt leo amárach lena n-áit a chinntiú i measc na sé fhoireann déag deiridh sa gcomórtas.

Tá machnamh á dhéanamh ag FIFA³ cur le líon na bhfoirne i gCorn an Domhain le go mbeidh dhá scór foireann san iomaíocht ann. Dhá fhoireann is tríocha atá ann faoi láthair. Inniu cheadaigh Coiste Feidhmiúcháin FIFA pacáiste leasuithe, ina measc go mbeadh teorainn de dhá bhliain déag curtha le téarma an uachtaráin. Beidh an chéad toghchán uachtaránachta eile ann i mí Feabhra.

Agus scéal eile a bhaineann le FIFA: tá fiosrúchán ar bun ag an FBI faoi scannal breabannaí⁴, céad milliún dollar de réir chlár *Panorama* de chuid an BBC. Tuairiscítear sa gclár gur íoc comhlacht margáíochta FIFA, atá anois as feidhm, breabannaí le hoifigigh de chuid FIFA sna 1990í. Maítear sa gclár go raibh Sepp Blatter ar an eolas faoi na híocaíochtaí ach nach ndearna sé tada faoi. Tá Blatter ar fionraí óna ról mar uachtarán FIFA faoi láthair. Craolfar an clár *Panorama* anocht.

¹ *seachtar imreoirí sinsearacha* an leagan caighdeánach

² Córas Chonnacht

³ *An Comhaontas Idirnáisiúnta Sacair* an teideal Gaeilge

⁴ *breabanna* an leagan caighdeánach